Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11116 – HEDIN / DELTA AUTO)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 218/06)

1. An 14 Meitheamh 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Hedin Automotive Oy ('Hedin', an Fhionlainn), a bhaineann le Hedin Mobility Group AB (an tSualainn),

— Delta Auto Oy ('Delta Auto', an Fhionlainn).

Gheobhaidh Hedin rialú aonair ar Delta Auto de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Hedin gníomhach i miondíol gluaisteán paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma nua agus athláimhe, i soláthar seirbhísí deisithe agus cothabhála agus i miondíol páirteanna spártha trealaimh bhunaidh san Fhionlainn,

— Tá Delta Auto gníomhach i miondíol gluaisteán paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma nua agus athláimhe, i soláthar seirbhísí deisithe agus cothabhála agus i miondíol páirteanna spártha trealaimh bhunaidh san Fhionlainn.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11116 – HEDIN / DELTA AUTO

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').